

Cuntas Leithreasa 2020

Vóta 27

Comhar Idirnáisiúnta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar chúnamh forbartha oifigiúil ar leith, lena n-áirítear deontais ar leith, agus ar ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta ar leith atá rannpháirteach i gcúnamh forbartha agus ar thuarastail agus caiteachais i ndáil leo sin.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáil-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlítear farasbarr €3.029 milliún a ghéilleadh don Státhiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gcioclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Sócmhainní caipitil

Tá luach seilbhe na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú leis na nithe seo a leanas:

- feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005, atá léirithe ar chostas
- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó 2005, atá léirithe ar chostas chomh maith.

Dímheas

Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas.

Idirbhearta malairte eachtraí

Aistrítear idirbhearta a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an ghlanta. Ag leibhéal misin na tíre cláir, aistrítear idirbhearta a rinneadh in airgeadraí eachtracha go euro ag ráta malairte an mhargaidh a bhí i bhfeidhm ag tús na míosa sin.

Aisiocaíochtaí deontas

Déantar deontais a maoiníodh ón gciste um chomhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil a aisíoc leis an gciste nuair a fhaightear iad.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím go bhfuil de fhreagracht orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú bainistíochta seirbhísí idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil le seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

Is mar seo a leanas atá an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socrúithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun chinntiú go ndéanfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó,
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear dualgais a dheighilt agus córas tarmलगin agus cuntasachta agus go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- go mbíonn athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí,
- go bhfuil córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- go bhfuil córais atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistíochta tionscadail foirmeálta

- go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Iniúcháireacht inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta

Deimhním go bhfuil feidhm iniúcháireachta inmheánaí ag an Roinn le pearsanra atá oile go cuí, rud a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúcháireachta, déanaim an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúcháireachta inmheánaí.

Comhlíonadh rialacha soláthair

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte. Ní raibh aon chonradh i gceist a measadh a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach.

Tá sonraí tugtha ag an Roinn ar chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Rioscaí móra airgeadais

Baineann rioscaí dúchasacha le cúnamh forbartha agus aithnínm na rioscaí sin agus déanaim iarracht iad a bhainistiú agus a mhaolú. Tá rialuithe láidre i bhfeidhm ag an gceannoifig, mar atá leagtha amach thuas, agus cuireann na rialuithe seo a leanas leo i dtíortha comhpháirtíochta, mar atá leagtha amach thíos.

Timpeallacht rialaithe inmheánaigh a fheabhsú

Chomh maith leis na rialuithe atá i bhfeidhm ag an gceannoifig, tá na rialuithe seo a leanas i bhfeidhm i dtíortha comhpháirtíochta chun na rioscaí dúchasacha i gcúnamh forbartha a mhaolú.

- Chomh maith leis an Ambasadóir, tá Ceann Forbartha, atá freagrach as an gclár cúnamh a bhainistiú, ag gach ambasáid.
- Chomh maith leis an Ambasadóir agus an Ceann Forbartha, cuimsítear speisialtóirí forbartha agus bainisteoirí/comhairleoirí cláir atá cuícháilithe agus a bhfuil taithí acu i struchtúr bainistíochta na hambasáide.
- Tá próiseas ceadaithe agus pleanála beacht ilbhliantúil ann do gach clár tíre, lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar straitéis misin a chuimsíonn leasanna polaitíochta, trádála agus forbartha na hÉireann i ngach cás. Déantar gach straitéis misin a mheas ina tús trí phróiseas dearbhaithe cáilíochta seachtrach neamhspleách (EQA) sula gceadaítear í; tá gach straitéis misin faoi réir próiseas athbhreithnithe lár téarma chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomórtas le cuspóirí agus spriocanna; agus déantar gach straitéis misin a mheas trí athbhreithniú neamhspleách deiridh roimh an gcéad timthriall straitéise eile.
- Tá próisis bhliantúla láidre pleanála gnó i bhfeidhm ag gach misean, lena n-áirítear rioscaí a shainaithint agus a mheasúnú maidir le cur i bhfeidhm plean gnó, agus tá rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déantar pleananna gnó agus cláir rioscaí a fhorbairt i gcomhairle leis an gceannoifig agus déantar monatóireacht orthu agus déantar iad a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil. Tuairiscítear rioscaí suntasacha misin don Choiste Bainistithe Bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta ar aon dul le Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne.

- Tá feidhm airgeadais ar bun go háitiúil ag gach ambasáid, atá faoi cheannas ag ceann airgeadais cuícháilithe a thuairiscíonn don Ambasadóir agus don Rannán Airgeadais sa cheannoifig araon.
- Tá lámhleabhar nósanna imeachta airgeadais i bhfeidhm ina leagtar amach go mion na nósanna imeachta atá le leanúint i ndáil le gach idirbheart riaracháin agus gach idirbheart a bhaineann le deontais.
- Tá iniúcháirí inmheánacha i bhfeidhm i ngach ambasáid, atá freagrach don Ambasadóir, agus tugtar faoina gcuid oibre iniúcháireachta inmheánaí mar chuid de straitéis fhoriomlán iniúcháireachta inmheánaí/plean gnó foriomlán iniúcháireachta inmheánaí na Roinne atá faoi bhainistiú ag an Aonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta. Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta maoirseacht ar an obair agus cinntíonn sé go ndéantar an obair de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Inmheánaí a nglactar leo go hidirnáisiúnta.

Ina theannta sin, maidir le híocaíochtaí ceannoifige do chúnamh forbartha thar lear (lena n-áirítear maoiniú daonnúil, maoiniú iltaobhach agus maoiniú sochaí sibhialta), tá meicníochtaí pleanála gnó láidre i bhfeidhm, lena n-áirítear an buiséad foriomlán a cheadú ag an gCoiste Idir-rannach um Chúnamh Forbartha, monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas ag an nGrúpa Bainistíochta Sinsearaí ar bhonn míosúil agus nósanna imeachta láidre bainistíochta deontais roimh an íocaíocht agus ina diaidh.

Leagtar béim leanúnach ar a chinntiú go bhfuil córas bainistíochta riosca láidir i bhfeidhm ar fud an chláir cúnaimh, lena n-áirítear rialuithe chun an bhainistíocht a chur ar an eolas maidir le hathruithe sa phróifíl riosca a bhraitear i ndáil le haon ghné den chlár ionas gur féidir gníomh cuí a dhéanamh a luaithe agus is féidir.

Úsáidtear an gnáthchur chuige maidir le bainistíocht deontais chun na deontais ar fad a bhronnadh, agus ba cheart go gcinnteodh sin comhsheasmhacht maidir le cur chuige i leith bainistíocht deontais ar fud an chláir.

Táim tiomanta dá chinntiú go leanfaimid orainn ag neartú ár gcóras sainaitheanta agus bainistíochta riosca agus go leanfar ag déanamh monatóireachta agus iniúchta leis an mbaol go mbainfí mí-úsáid as cistí amach anseo a íoslaghdú.

Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, thosaigh an tAonad Meastóireachta agus Iniúcháireachta, chomh maith le foireann na Roinne, ag obair go cianda i mí an Mhárta 2020 ó tharla gur cuireadh an taisteal ar fad ar ceal. Bhain srianta leis sin maidir leis an gcaoi a bhféadfaí obair an Aonaid a chur i gcrích. I mí na Bealtaine 2020, cheadaigh mé plean oibre athbhreithnithe rioscabhunaithe an Aonaid, ina ndearnadh tosaíochtaí na bliana a athshocrú, lena n-áirítear béim níos mó ar obair chomhairleach gnó i bhfíor-am. Soláthraíodh an plean oibre athbhreithnithe sin go cianda agus cuireadh cur chuige nua, cur chuige a d'fhéadfadh a bheith níos éifeachtúla, ar fáil i dtaobh obair meastóireachta agus iniúcháireachta, a fhorlíontar le cuairteanna fisiciúla nuair is féidir.

Ceangaltais deontais

Tá an Roinn i mbun próiseas chun córas bainistíochta deontais a fhorbairt a mbeidh sé mar aidhm leis gach ceangaltas deontais a rianú agus faisnéis suas chun dáta a chur ar fáil maidir le spriocanna na Roinne i ndáil le ceangaltais chonartha den sórt sin. Nuair nach bhfuil córas den chineál sin ann, ní fhéadfaí an nochtadh mionsonraithe atá á lorg sna cuntais leithreasa i ndáil le ceangaltais deontais a mheas. Tá meastachán maidir leis na hoibleagáidí gan fóc ag an 31 Nollaig 2020 curtha ar fáil i Nóta 2.6, áfach.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a shainaithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir tábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Déanann an tAonad Meastóireachta agus Iniúchóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistíochta riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchóireachta inmheánaí.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil dóibhsean atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhnímh go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú.

Athbhreithniú ar éifeachtacht

Deimhnímh go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Paindéim Covid-19

Tugadh faoi mheasúnuithe ar thionchar Covid-19 in Éirinn agus i misin thar lear.

Ó thús ghéarchéim Covid-19, táim ag déanamh monatóireacht ghéar ar na rioscaí a bhaineann leis an bpaindéim, rioscaí a imríonn tionchar ar oibriú na Roinne in Éirinn agus inár misin thar lear. Tá athbhreithniú déanta agam leis an mBord Bainistíochta ar na nósanna imeachta oibriúcháin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin chomh maith le nósanna imeachta a chur in oiriúint do shocrúithe agus do thacaíochtaí cianoibre ón gceanncheathrú. Cé go raibh tionchar diúltach ag na srianta ar fud an domhain ar roinnt clár agus seirbhísí, tá éileamh níos mó ann anois de bharr na paindéime ar sheirbhísí agus ar dheontais áirithe a chuireann páirtithe forbartha na Roinne ar fáil. Áiríodh san athbhreithniú ar nósanna imeachta oibriúcháin bearta riachtanacha a bhunú chun a chinntiú go leanfaí de sheirbhísí rithabhachtacha a sholáthar, agus sláinte agus folláine na foirne á gcosaint, agus chun a chinntiú go gcomhlíonfaí srianta ábhartha sna dlínsí ina n-oibríonn an Roinn.

Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais a bhí le nochtadh sa chuntas leithreasa maidir le 2020.

Niall Burgess

Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

6 Iúil 2021

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bonn faoin tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*. Táim neamhspleách ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscim orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Iúil 2021

Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta

Cuntas Leithreasa 2020

		2020	2019
	Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000
Caiteachas an chláir			
A Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocras	550,732	547,719	543,601
Ollchaiteachas	550,732	547,719	543,601
<i>Lúide</i>			
B Leithreasaí-i-gcabhair	1,030	1,046	1,186
Glanchaiteachas	549,702	546,673	542,415

Farasbarr

Tá an farasbarr ar an méid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a caitheadh le géilleadh don Státchiste.

	2020	2019
	€	€
Farasbarr le géilleadh	3,029,239	1,410,728

Niall Burgess

Oifigeach Cuntasaíochta
Comhar Idirnáisiúnta

30 Márta 2021

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

		2020	2019
	€000	€000	€000
Costas an chláir		515,804	511,166
Pá		18,968	17,642
Neamhphá		12,947	14,793
Ollchaiteachas		547,719	543,601
<i>Lúide</i>			
Leithreasai-i-gcabhair		1,046	1,186
Glanchaiteachas		546,673	542,415
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid thirim	(307)		
Dímheas	504		
Diúscairtí airgid thirim	45		
Brabús ar dhiúscairt	(43)		
		199	(180)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(43)		
Laghdú ar stoc	4	(39)	(401)
Caiteachas díreach		546,833	541,834
Caiteachas a iompraíodh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		27	23
Glanchoistas an chláir		546,860	541,857

1.1 Glanachaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 27 a iompraíodh in áit eile.

	2020	2019
	€000	€000
Vóta 18 An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	27	23

Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

	Nóta	2020 €000	2019 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	11,623	11,819
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	6,826	6,105
Stoic		29	33
Réamhíocaíochtaí		1,652	2,004
Iarmhéideanna dochair eile		205	246
Glanmhaoiniú Státchiste	2.4	2,275	30
Iomlán na sócmhainní reatha		10,987	8,418
Lúide dliteanais reatha			
Costais fhabhráithe		125	520
Iarmhéideanna sochair eile	2.3	401	993
Ciste (deontas) um chúnamh déthaobhach agus cúnamh eile	7	8,905	5,388
Iomlán na ndlíteanas reatha		9,431	6,901
Glansócmhainní reatha		1,556	1,517
Glansócmhainní		13,179	13,336
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoinithe Stáit	2.5	13,179	13,336

2.1 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh €000	Trealamh €000	Troscán agus feistis €000	Feithiclí €000	Sócmhainní atá á bhforbairt €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní						
Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020	10,487	1,884	802	3,097	—	16,270
Breiseanna	—	57	—	91	159	307
Diúscairtí	—	(42)	(14)	(116)	—	(172)
Coigeartuithe ^a	—	439	59	310	—	808
Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020	10,487	2,338	847	3,382	159	17,213
Dímheas carntha						
Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020	—	1,385	704	2,362	—	4,451
Dímheas don bhliain	—	188	15	301	—	504
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(42)	(14)	(114)	—	(170)
Coigeartuithe	—	436	59	310	—	805
Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020	—	1,967	764	2,859	—	5,590
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020	10,487	371	83	523	159	11,623
Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019	10,487	499	98	735	—	11,819

Nóta ^a Le linn na bliana, aistríodh sócmhainní seasta a raibh costas €808,000 agus glanluach leabhair €3,000 ag dul leo ó Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha go Vóta 27 Comhar Idirnáisiúnta. Baineann siad sin le sócmhainní a maoiníodh go stairiúil ó Vóta 28.

2.2 Banc agus airgead tirim

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
larmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	4,509	5,701
larmhéid an chuntais bainc tráchtála	158	64
larmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin	2,159	340
	6,826	6,105

Ag an 31 Nollaig 2020, áirítear na hiarmhéideanna bainc agus airgid thirim uile de chuid gach misin sa nóta seo, agus ag an 31 Nollaig 2019, níor áiríodh ach iarmhéideanna bainc agus airgid na misean i dtíortha nach tíortha comhpháirtíochta.

2.3 larmhéideanna sochair eile

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla	132	97
Cáin bhreisluacha	26	8
	158	105
larmhéideanna sochair eile	243	888
	401	993

2.4 Glanmhaoiniú Stáitchiste

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Farasbarr le géilleadh	3,029	1,411
Deontas ón Stáitchiste nár tarraingíodh	(5,304)	(1,441)
Glanmhaoiniú Stáitchiste	(2,275)	(30)

Arna léiriú ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	6,826	6,105
larmhéideanna dochair eile: fionraí	205	246
	7,031	6,351

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(158)	(105)
larmhéideanna sochair eile: fionraí	(243)	(888)
Ciste (deontas) um chúnamh déthaobhach agus cúnamh eile	(8,905)	(5,388)
	(9,306)	(6,381)
	(2,275)	(30)

2.5 Cuntas maoinithe stáit

	Nóta	2020	2019
		€000	€000
Iarmhéid ag an 1 Eanáir		13,336	12,755
Eisíocaíochtaí as an Vóta			
Soláthar meastacháin	Cuntas	549,702	
Farasbarr le géilleadh	Cuntas	3,029	
Glanvóta		546,673	542,415
Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile	1	27	23
Caiteachas neamhairgid - sócmhainní caipitil		3	—
Glanchostas an chlár	1	(546,860)	(541,857)
Iarmhéid ag an 31 Nollaig		13,179	13,336

2.6 Ceangaltais**Ceangaltais dhomhanda**

ag an 31 Nollaig	2020	2019
	€000	€000
Soláthar earraí agus seirbhísí, lena n-áirítear ceangaltais cíosa	6,054	6,590
Cláir deontais neamhchaipitil	366,971	488,972
Iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí	373,025	495,562

Nóta 3 Caiteachas Vóta

Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gClár A chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	19,735	18,968	17,642
ii	Taisteal agus cothú	2,140	771	2,236
iii	Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha	2,270	1,475	1,858
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,810	1,362	1,366
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	1,515	1,959	1,608
vi	Speansais i ndáil le háitreabh oifige	6,505	4,943	5,103
vii	Seirbhísí comhairleoireachta agus athbheithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe	500	395	400
viii	Tacaí promóisin agus tacaí postála	2,450	2,042	2,222
		36,925	31,915	32,435

Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

ii Taisteal agus cothú

Soláthar meastacháin €2.14 milliún; toradh €771,000

Bhain an gannchaitheamh €1.369 milliún ar chaiteachas taistil agus cothaithe le taisteal a bheith i bhfad níos ísle ná mar a bhí beartaithe de bharr thionchar shrianta taistil Covid-19.

iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha

Soláthar meastacháin €2.27 milliún; toradh €1.475 milliún

Bhain an gannchaitheamh €795,000 ar chaiteachas oiliúna agus forbartha agus ar speansais theagmhasacha le laghdú ginearálta i ngníomhaíocht oibríochtúil ar fud na ceanncheathrún agus na misean mar thoradh ar shrianta oibriúcháin de bharr Covid-19.

iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide

Soláthar meastacháin €1.81 milliún; toradh €1.362 milliún

Bhain an gannchaitheamh €448,000 ar chaiteachas seirbhísí poist agus teileachumarsáide le moill a bhí ann ciorcaid chumarsáide nua a chur i bhfeidhm do roinnt misin.

v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF

Soláthar meastacháin €1.515 milliún; toradh €1.959 milliún

Bhain an róchaiteachas €444,000 ar chaiteachas trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF le costais bhreise a tabhaíodh i dtaobh trealamh a chur ar fáil do mhisin chun rochtain chianda TFC a éascú d'fhonn tacú le soláthar seirbhíse i misin le linn shrianta oibriúcháin Covid-19.

Clár A Obair ar laghdú na bochtaineachta agus an ocras

		2020		2019
		Soláthar meastacháin	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
		€000		
A.1	Riarachán – pá	19,735	18,968	17,642
A.2	Riarachán - neamhphá	17,190	12,947	14,793
A.3	Comhar déthaobhach agus cúnamh daonnúil	415,131	414,013	411,086
A.4	Ranníocaíochtaí le cistí idirnáisiúnta chun leas na dtíortha i mbéal forbartha	56,724	57,137	59,459
A.5	Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus gníomhaireachtaí forbartha eile	41,952	44,654	40,621
		550,732	547,719	543,601

Difríochtaí suntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €3.013 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí gannchaitheamh €5.01 milliún ann a bhain le riarachán agus tá sin mínithe cheana. Rinneadh sin a fhritháireamh trí chaiteachas cláir breise, de bharr na nithe seo a leanas den chuid is mó.

A.5 Ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus tíortha i mbéal forbartha eile

Soláthar meastacháin €41.952 milliún; toradh €44.654 milliún

Bhain an róchaiteachas €2.702 milliún ar chaiteachas ar ranníocaíochtaí leis na Náisiúin Aontaithe agus tíortha i mbéal forbartha eile le ranníocaíochtaí breise le UNICEF, Ciste na Náisiúin Aontaithe um Chothú na Síochána agus le Comhordaitheoir Cónaithe na Náisiúin Aontaithe mar gheall ar mhaoiniú breise a iarraidh in 2020.

Nóta 4 Fáltais**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

		2020		2019
		Measta	Réadaithe	Réadaithe
		€000	€000	€000
1	Leithreasaí-i-gcabhair	450	537	657
2	Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí	580	509	529
Iomlán		1,030	1,046	1,186

Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

5.1 An líon fostaithe

Coibhéisí lánaimseartha	2020	2019
Líon foirne ag deireadh na bliana	570	560

Athluadh an líon foirne ag deireadh na bliana 2019 chun críocha inchomparáideachta chun an fhoireann ar fad, lena n-áirítear foireann atá leithdháilte ar an gclár sna misin, a chur san áireamh.

5.2 Pá

	2020	2019
	€000	€000
Pá	17,096	15,981
Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	21	24
Liúntais eile	46	29
Ragobair	24	46
ÁSPC an fhostóra	1,296	1,148
Leas sóisialta eachtrach agus costais eile	485	414
Pá iomlán ^a	18,968	17,642

Nóta ^a Chomh maith leis sin, cuirear costais na foirne cláir sna misin chuig costas an chláir agus cuirear costais na foirne slándála sna misin chuig costais slándála faoi speansais theagmhasacha.

5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	An íocaíocht aonair is mó	
			2020	2019
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	3	1	10,546	19,585
Liúntais eile	16	—	8,407	7,526
Ragobair	3	—	8,730	11,813
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin	2	3	13,582	14,286

5.4 Socruithe eile luach saothair

Athfhostaíodh seisear státseirbhíseach ar scor agus iad ag fáil pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ag costas iomlán €18,388.

5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

	Líon na bhfaighteoirí	2020 €	2019 €
Ró-íocaíochtaí	6	21,860	34,922
Pleananna aisghabhála i bhfeidhm	5	17,048	18,862

Rinneadh dhá phlean aisghabhála ró-íocaíochtaí i ndáil le beirt aonair, arbh ionann a luach agus €3,706, a aistriú chuig comhlachtaí rialtais eile le linn na bliana.

5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta a raibh luach €8,352 orthu agus scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €14,790 iad le linn na bliana 2020 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena gcuid fostaíochta.

Íocadh íocaíocht iomarcaíochta arbh fhiú €28,838 í le ball foirne amháin a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáid thar lear.

Nóta 6 Ilghnéitheach

6.1 Ranníocaíochtaí leis na Náisiún Aontaithe agus le gníomhaireachtaí forbartha eile (A.5)

	2020 €000	2019 €000
Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe (UNDP)	7,750	7,750
Ciste Leanaí na Náisiún Aontaithe (UNICEF)	8,200	7,200
Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR)	9,000	9,000
Ciste Daonra na Náisiún Aontaithe	3,500	3,500
Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine	2,000	2,300
UNAIDS	2,400	2,400
Ciste Forbraíochta na Náisiún Aontaithe do Mhná (UNIFEM)	1,500	1,500
Ciste Iontaobhais Ginearálta na Náisiún Aontaithe	1,100	50
Eagraíocht Forbartha Tionscail na Náisiún Aontaithe	345	279
Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirtheair (UNWRA)	6,000	5,000
Ciste na Náisiún Aontaithe um Chothú na Síochána	750	—
Ciste Iontaobhais Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP)	100	300
Oibrithe deonacha na Náisiún Aontaithe	1,100	600
Eile - éagsúil	909	742
	44,654	40,621

Nóta 7 Ciste (deontas) um chomhar déthaobhach agus comhar eile

Cuntas fáltais agus íocaíochtaí i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020

	2020	2019
	€000	€000
larmhéid ag an 1 Eanáir	5,388	6,616
Deontas	414,013	411,086
Suimeanna a aisghabhadh i rith na bliana	623	1,470
Caiteachas don bhliain	(412,562)	(413,784)
larmhéideanna bainc i seilbh misin	1,443	—
larmhéid ag an 31 Nollaig	8,905	5,388